


## Bileog 5.1

### Cúrsaí oibre

### Stór focal

Déan ransú intinne ar na focail a bhaineann le cúrsaí oibre faoi na teidil seo thíos:



### Cúrsaí oibre

### An tasc

Tabharfaidh an múinteoir bileog duit anois a dhéanann cur síos ar láthair oibre agus an post atá agat féin san áit sin. Ar mhaithe leis an tasc seo lig ort féin go bhfuil tú ag obair san áit seo. Léigh an piosa eolais agus tabhair faoin ghníomhaíocht seo:

- Déan achoimre ar an téacs atá agat. (Cúrsaí Oibre – Duine A nó B)
- Samhlaigh na dualgais a bheadh ort sa phost sin agus breac síos deich ndualgas.
- Labhair leis an duine in aice leat agus abair leis nó léi faoi do phost.
- Déanaigí plé ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an dá phost, dar libh. (Breacaigí síos cúig bhuntáiste agus cúig mhíbhuntáiste)

### Cúrsaí oibre

### Plé

Cuir na pointí thíos a bhaineann le coinníollacha oibre in ord tábhachta leis na huimhreacha 1-8 a chur in aice leis na habairtí cuí. Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat agus tagaigí ar comhréiteach ar na trí phointe is tábhachtaí.

- Oifig phríobháideach, atá eagraithe go maith agus néata.
- Gan an iomarca taistil a bheith ann chun na hoibre.
- Uaireanta oibre rialta óna naoi go dtí a cúig.
- Réiteach go maith le do chomhghleacaithe oibre.
- Pinsean maith.
- Laethanta saoire fada.
- Gan an iomarca struis a bheith mar chuid de do chuid oibre.
- Tuarastal ard.

**Cúrsaí oibre**

**Tú féin**

Déan cur síos don duine in aice leat ar cad a dhéanann tú ó lá go lá i do chuid oibre féin.  
Mura bhfuil tú ag obair faoi láthair déan cur síos ar an phost is fearr a bhí agat go dtí seo.

© OÉ Má Nuad

## Bileog 5.1a

Cúrsaí oibre

Duine A



### Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD

Tá an t-eolas seo ar fáil ar an suíomh idirlín: <http://www.ucd.ie/icsifl/index.html>

Fáilte romhat chuig ár suíomh idirlín. Scoil ildhisciplíneach bheoga í an Scoil seo againne, Scoil ina bhfuil réimse tarraingteach ábhar staidéir - teanga agus cultúr na Gaeilge i gcomhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta; gnéithe den Bhreatnais agus de theangacha Ceilteacha eile; Béaloideas Éireann i dtír atá ag athrú; agus an Teangeolaíocht, ábhar a thugann tuiscint dhomhain ar nádúr na teanga daonna. Cuireann an Scoil tábhacht ar leith leis an gcúram a dhéantar de mhic léinn aonair, agus soláthraíonn sí timpeallacht thacúil foghlama dóibh.

Tá cumas agus saineolas ag baill na Scoile sa teanga agus sa litríocht a ghabhann le gach tréimhse de chuid na Gaeilge agus i mBéaloideas Éireann, agus suitear iad seo laistigh de chomhthéacs leathan an Léinn Cheiltigh agus na hanailíse ginearálta teangeolaíche. Aithníonn baill na Scoile go mbíonn riachtanais na mac léinn ag athrú agus fáiltítear i gcónaí roimh dheiseanna a spreagann cur chuige nua idir disciplíní na Scoile.

Féadann mic léinn staidéar a dhéanamh ar an Nua-Ghaeilge, ar an tSean-Ghaeilge agus ar an mBreatnais. Soláthraíonn Saíocht na gCeilteach léargais bhreise ar na pobail Cheilteacha. Chomh maith le plé le feiniméan na teanga ann féin, baineann an Teangeolaíocht le hanailís a dhéanamh ar iliomad teangacha agus grúpaí teangacha. Ar an gcuma chéanna, tugann Béaloideas Éireann an deis chun staidéar a dhéanamh ar thraidisiún na muintire in Éirinn, traidisiún a bhíonn ag síorathrú, i gcomhthéacs leathan idirnáisiúnta.

Tá na deiseanna gairme atá ar fáil do chéimithe na Scoile ag dul i méid i gcónaí. Cuireann a gcuid cáilíochtaí ar chumas chéimithe na Scoile earraíocht a bhaint as a n-eolas agus as a dtuiscint ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge agus as teoiricí ginearálta teangeolaíochta i dtimpeallacht chomhaimseartha na hÉireann, timpeallacht atá ag athrú go tapaidh.

Tá breis is 30 ball foirne agus thar 500 fochéimí ag an Scoil. Tá 40 iarchéimí aici chomh maith, 20 duine acusan ag gabháil don chéim PhD. Spreagtar na mic léinn iarchéime ar fad chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa chultúr bisiúil taighde a chothaítear sa Scoil. Tá na hiarchéimithe ábalta tarraingt ar na bailiúcháin aircíve gan sárú atá ag Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann UCD agus Cartlann na gCanúintí, ar cuid den Scoil iad.

**Cúrsaí oibre**

**Duine A**

**Is léachtóir sinsearach tú sa scoil agus tá tú freagrach as:**

- 5 chúrsa léinn a sholáthar d'fhochéimithe
- an dara bliain ar fad
- triúr mac léinn iarchéime agus a dtráchtais
- an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn


© OÉ Má Nuad

## Bileog 5.1b

### Cúrsaí oibre

### Duine B

Tá an t-eolas seo ar fáil ar an suíomh idirlín: <http://www.tg4.ie/corp/culr.asp>

 Cainéal náisiúnta teilifíse is ea TG4 a bunaíodh mar eintiteas reachtúil neamhspleách ó 1 Aibreán 2007 (Teilifís na Gaeilge). Tá an cainéal ag craoladh ó Oíche Shamhna 1996. Féachann beagnach 800,000 duine ar an gcainéal gach lá. Tá scair náisiúnta fhéachana 3% den mhargadh teilifíse aige. Is é an clársceideal laethúil Gaeilge, sé uair an chloig sa lá, croí na seirbhíse. Tá clársceideal d'ábhar i dteangacha eile mar thaca leis. Tá clársceideal laethúil Gaeilge do pháistí agus do dhaoine óga ag TG4. Cuireann seo pointe teagmhála taitneamhach tarraingteach ar fáil leis an nGaeilge dóibh gach lá i gcomhthéacs atá iomlán éagsúil ó chomhthéacs na scoile.

Infheistíonn TG4 os cionn €20m sa bhliain i gcláir nua Ghaeilge ón earnáil neamhspleách léiriúcháin in Éirinn. Cothaíonn an caiteachas seo 350 post i gcomhlachtaí beaga príobháideacha ar fud an oileáin. Tá TG4 ar an tionscnamh Gaeilge is dearfaí agus is airde próifíl ón Rialtas le caoga bliain.

Tá tacaíocht ag an tionscnamh ó gach Rialtas agus ó gach páirtí polaitíochta ó 1992. Tá aitheantas náisiúnta agus gradaim agus duaiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta faighte ag cláir TG4. Tá siad ceannaithe ag craoltóirí thar lear freisin. Thuill cláir cheoil, fhaisnéise agus chlúdach spóirt an chainéil moladh ar leith do TG4. Tá cáil ar leith ar a shobaldráma *Ros na Rún* agus ar an tseirbhís shainiúil ó Nuacht TG4.

Admhaítear go bhfuil TG4 ar cheann de na cainéil teilifíse is éifeachtaí costas san Eoraip. Tá tábhacht ar leith leis an bhfostaíocht ardscile a chothaíonn TG4 sna Gaeltachtaí. Tá an tseirbhís ar cheann de na hinfheisteoirí is mó agus is tábhachtaí do thodhchaí na Gaeltachta. Tá maoiniú reatha €35.663m do TG4 leagtha síos ag an Rialtas do 2008. Tá ioncam fógraíochta ag an gcainéal agus díolann sé cláir freisin.

Cinntíonn sceideal an chainéil - agus Nuacht TG4 ach go áirithe - go bhfuil rogha féachana, malairt léargais agus ardán do thallann nua ar fáil. Dearbhaíonn taighde ghairmiúil go bhfuil TG4 ag sásamh a chroí lucht féachana sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre mar aon le bheith ag mealladh lucht féachana níos leithne. Tá foireann 70 duine, ó gach cearn d'Éirinn, fostaithe ag TG4 ina Cheannáras i mBaile na hAbhann i nGaeltacht Chonamara.

### Cúrsaí oibre

### Duine B

Is bainisteoir margáíochta tú le TG4 agus tá tú freagrach as:

- taighde leanúnach a dhéanamh
- an fhoireann mhargáíochta a eagrú
- na fógraí a eagrú
- clársceideal mealltach a bheith ann i gcónaí

**Bileog 5.2a****Cúrsaí oibre****Stór focal**

Beidh tú ag obair i ngrúpa ar ball. Beidh sibh ag tabhairt comhairle dá chéile faoi fhadhbanna a bhíonn sa láthair oibre go minic. Bígí ag obair in bhur mbeirteanna chun Gaeilge a chur ar na habairtí seo.

- I don't think you should work so hard.
- You ought to work less.
- You need to cut down on your hours.
- If I were you, I'd work less.
- If I were in your shoes, I'd work less.
- You shouldn't work so hard.
- Whatever you do, don't work so hard.

**Cúrsaí oibre****An modh coinníollach**

Scríobh amach na briathra thíos i ngach pearsa sa mhodh coinníollach. Má tá tú in amhras féach i do leabhar gramadaí nó ar an suíomh idirlín <http://www.csis.ul.ie/focloir/>.

**Dún:** \_\_\_\_\_

**Cuir:** \_\_\_\_\_

**Dóigh:** \_\_\_\_\_

**Sábháil:** \_\_\_\_\_

**Ceannaigh:** \_\_\_\_\_

**Imigh:** \_\_\_\_\_

**Cosain:** \_\_\_\_\_

**Foghlaim:** \_\_\_\_\_

**Freastail:** \_\_\_\_\_

Pléigh na pointí seo thíos leis an duine in aice leat:

1. Cén úsáid atá ag an litir ‘**d**’ sa mhodh coinníollach?
2. Cad iad na hathruithe a tharlaíonn nuair a chuirtear ‘**dá**’ leis na briathra sa mhodh coinníollach?
3. Cén uair a úsáidtear an modh coinníollach de ghnáth?
4. Cad faoi na briathra neamhrialta sa mhodh coinníollach? Scríobh amach anois iad.

**Bí:** \_\_\_\_\_

**Abair:** \_\_\_\_\_

**Beir:** \_\_\_\_\_

**Clois:** \_\_\_\_\_

**Déan:** \_\_\_\_\_

**Faigh:** \_\_\_\_\_

**Feic:** \_\_\_\_\_

**Ith:** \_\_\_\_\_

**Tabhair:** \_\_\_\_\_

**Tar:** \_\_\_\_\_

**Téigh:** \_\_\_\_\_

© OÉ Má Nuad

**Bileog 5.2b****Cúrsaí oibre****Ag tabhairt comhairle**

<b>Bhí ardú céime geallta dom i mbliana ach ní bhfuair mé é.</b>	<b>Tá fear ina shuí san oifig liom agus ní éistean sé a bhéal.</b>	<b>Tá mé 65 bliain d'aois agus níor mhaith liom éirí as mo phost. Tuigim go bhfuil an stiúrthóir ag iarraidh duine níos óige a fháil don phost.</b>	<b>Chonaic mé bean mo chomhghleacaithe le fear eile inné.</b>
<b>Tuigim nach bhfuil mé cumasach go leor i mo chuid oibre.</b>	<b>Is duine sotalach achrannach é mo bhainisteoir agus ní maith liom é.</b>	<b>Tá a post cailte ag mo bhean chéile agus tá sé ag cur brú ar ár gcaidreamh.</b>	<b>Bím déanach gach maidin agus tá an maoirseoir ar mire liom.</b>
<b>D'ól mé an iomarca ag cóisir na Nollag agus bhí mé drochbhéasach leis an stiúrthóir bainistíochta.</b>	<b>Tá mé ag bogadh tí agus beidh turas 2 uair an chloig agam gach maidin agus tráthnóna chun na hoibre. Is breá liom mo phost ach tá sé rófhada ó bhaile.</b>	<b>Tá comhlacht agam féin agus mo chéile le chéile. Cé go bhfuil mé go mór i ngrá leis ní féidir liom oibriú leis.</b>	<b>Cheannaigh comhlacht níos mó an comhlacht a bhfuil mé ag obair ann. Níl a fhios agam an mbeidh post agam amach anseo.</b>
<b>Tá comhghleacaí liom chomh leisciúil, bíonn orm a chuid oibre a dhéanamh go minic.</b>	<b>Is múinteoir meánscoile mé ach níl aon smacht agam ar na daltaí, is fuath liom mo phost dá bharr sin.</b>	<b>D'fhostaigh mé rúnaí nua agus ní féidir léi aon fhocal a litriú mar is ceart.</b>	<b>Is breá liom mo phost agus fanaim san oifig mall gach tráthnóna. Ní chaithim mórán ama le mo chuid páistí.</b>



## Bileog 5.3a

### Cúrsaí fostaíochta

### Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo:

<b>Credit Crunch</b>	<b>Unemployment</b>	<b>Redundancy</b>	<b>To wind up</b>
<b>Recession</b>	<b>Lay off</b>	<b>On the dole</b>	<b>To fire someone</b>
<b>To resign</b>	<b>Wage(s)</b>	<b>Union</b>	<b>Employer(s)</b>
<b>Employee(s)</b>	<b>Staff</b>	<b>Management</b>	<b>Unfair dismissal</b>

### Cúrsaí fostaíochta

### Éisteacht



Éist leis an mhír nuachta ó Nuacht TG4 02/12/08 faoi chailliúint post sa tír. Féach ar an mhír uair amháin agus pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat.

1. Cad é *gist* na míre? Ar chuidigh na híomhánna leat míniú na míre a aimsiú?
2. Ar cheart cead a thabhairt do Bhéarlóirí a bheith ar nuacht TG4 dar leat? Agus cad faoi cead a thabhairt dóibh siúd a bhfuil Gaeilge stadach mhíchruinn acu?

### Cúrsaí fostaíochta

### Léamh



Féach ar an script den mhír nuachta anois (gan na píosaí leis na cainteoirí eile). Ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa déanaigí plé ar theanga na míre.

### Eimear Ní Chonaola

Caillfidh suas le céad go leith duine a bpoist (*a bpostannaí* a deirtear) sa gcomhlacht *Element Six* sa tSionainn i gContae an Chláir, agus tá an comhlacht árachais FBD le trí cinn déag dá n-oifigí a dhúnadh ar fud na tíre. Céad go leith post ar fad a imeoidh ansin. Tá tuairisc ag Tomás Ó Mainnín.

### Tomás Ó Mainnín

Oibríthe ón gcomhlacht *Element Six Ltd* ag fágáil tar éis a *shift* oibre tráthnóna. Roimh (*roimis* a deirtear) lón inniu glaoth ar an bhfoireann chun cruinniú leis an mbainistíocht, cruinniú ina ndúradh leo go mbeidís ag scaoileadh le céad caoga oibrí roimh dheireadh na bliana.

Tá an comhlacht lonnaithe sa tSionainn le daichead a cúig bliain agus iad i mbun diamaint tionsclaíochta agus cruu-earraí eile a tháirgeadh do thionscal na tógála agus na ngluaisteán ach deir go bhfuil titim tagtha ar an éileamh. D'fhógair an comhlacht anuraidh áfach, go rabhadar ag déanamh athbhreithniú ar an ngnó anseo.

Gan ach trí seachtaine le dul go dtí aimsir na Nollag dúirt urlabhraí ón gcomhlacht anseo tráthnóna go bhfuil siad ag súil go dtógfaidh an suas le céad caoga oibrí anseo iomarcaíocht dheonach idir seo agus aimsir na Nollag ach mura ndéanann, go gcaithfidh an comhlacht iomarcaíocht éigeantach a chur i bhfeidhm ansin tar éis na Nollag. Inniu chomh maith, d'fhógair an comhlacht árachais FBD go mbeidís ag laghdú a líon oifigí ar fud na tíre. D'fhéadfadh go gcaillfí suas le céad caoga post dá bharr.



OÉ Má Nuad

**Bileog 5.3b****Cúrsaí fostaíochta****Scríobh**

Ag obair leis an duine in aice leat scríobhaigí míreanna gonta don nuacht bunaithe ar na ceannlínte seo thíos:

- Tá ráta dífhostaíochta na tíre le dul i méid sa bhliain amach romhainn.
- Comhlacht bogearraí le dúnadh i nDún na nGall. 200 post i mbaol.
- CSTGT (An ceardchumann seirbhísí, tionsclaíoch, gairmiúil agus teicniúil) toilteanach labhairt leis an rialtas maidir leis an bhunráta tuarastail.
- Tá tuairisceoir leis an mBBC ag tabhairt comhlacht an BBC chun na cúirte de bharr dífhostú éagóra.

**Cúrsaí fostaíochta****Labhairt**

Déan plé ar na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An daoine leisciúla iad muintir na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile?
2. An raibh muintir na hÉireann níos sásta le linn an Tíogair Cheiltigh ná mar atá anois, le linn an chúlaithe eacnamaíochta?
3. Ar cheart go mbeadh baint ar bith ag an rialtas le cúrsaí príobháideacha gnó (tacaíocht airgid do na bainc, mar shampla)?
4. Dá mbuafá an crannchur náisiúnta amárach, an n-éireofá as do chuid oibre?
5. In ainneoin thoil Sarkozy sa Fhrainc, níl gach duine sa Fhrainc sásta níos mó ná 35 uair a chloig oibre a dhéanamh sa tseachtain. An bhfuil an ceart acu?
6. An gcuidíonn gníomhaireachtaí ar nós *FÁS* agus *Fiontraíocht Éireann (Enterprise Ireland)* le poist a chruthú sa tír?
7. Pléigí na seanfhocail seo thíos le chéile i gcomhthéacs an tsaoil oibre:  
**An té nach mbeireann ar an ngnó beireann an gnó air.**  
**Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.**  
**Is fearr lán doirn de cheird ná lán mála d'ór.**  
**Is geall le scíth malairt oibre.**  
**Taithí a dhéanann máistreacht.**

**Bileog 5.4a****Cúrsaí fostaíochta (Duine A)****Agallamh**

Tá tú ag cuardach oibre agus tá agallamh agat don phost fógartha thíos mar Oifigeach Margaíochta le *Fiontar* (scoil ghnó a thairgeann cúrsaí trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Is é an duine in aice leat stiúrthóir Fiontar agus beidh sé nó sí ag cur agallaimh ort ar ball. Léigh an fógra anois agus bailigh eolas don agallamh. Lión na bearnaí thíos le cuidiú leat:

Sonraí pearsanta: \_\_\_\_\_

Oideachas: \_\_\_\_\_

Taithí oibre: \_\_\_\_\_

Teangacha eile: \_\_\_\_\_

Eolas ginearálta: \_\_\_\_\_

*\*FIONTAR: Is aonad trasdisciplíneach é Fiontar. Déantar gnó na Scoile, idir theagasc agus thaighde, trí mheán na Gaeilge i réimsí éagsúla: gnó, bainistíocht, cumarsáid, teicneolaíocht na faisnéise agus an Ghaeilge (teanga agus sochaí).*

**Tuilleadh eolais ar an suíomh idirlín:** <http://www.dcu.ie/fiontar/>

**Oifigeach Margaíochta á lorg ag Fiontar - Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath**  
19ú Nollaig 2008

Cuireann Fiontar fáilte roimh iarratais ó dhaoine a mbeadh spéis acu sa phost mar Oifigeach Margaíochta.

Riachtanais:

- Bunchéim i ndisciplín ábhartha
- Taithí mhargaíochta nó phoiblíochta
- Sárscileanna idirphearsanta
- Sárscileanna bainistíochta ama, líonrú agus eagrúcháin.
- Líofacht sa Ghaeilge

Tá iarchéim innhianta. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar agus os rud é go mbeidh roinnt taistil i gceist sa phost, caithfear tiomáint a bheith ag an té a cheapfar.

Seol litir agus cuntas beatha chuig:

Emer Ní Bhrádaigh

Fiontar

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 9

Tá breis eolais ar fáil ó Emer Ní Bhrádaigh ag 01 700 8101 nó ríomhphost a sheoladh chuig: [emer.nibhradaigh@dcu.ie](mailto:emer.nibhradaigh@dcu.ie)

Suíomh gréasáin: [www.dcu.ie/fiontar](http://www.dcu.ie/fiontar)

Ag deireadh an agallaimh, cuir ceistanna faoi na topaicí seo:

**Tuarastal**

**Laethanta Saoire**

**Taisteal**

**Pinsean**

**Foireann Oibre**

**Bileog 5.4b****Cúrsaí fostaíochta (Duine B)****Agallamh**

Is tusa an stiúrthóir ar *Fiontar* (scoil ghnó a thairgeann cúrsaí trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Tá oifigeach margaíochta ag teastáil ón scoil agus cuireadh an fógra thíos sa nuachtán náisiúnta. Cuirfidh tú agallamh ar iarrthóir ar ball. Léigh an fógra agus ullmhaigh ceisteanna bunaithe ar na topaicí sa bhosca seo:

Sonraí pearsanta	Oideachas	Taithí oibre	Teangacha eile	Eolas eile
------------------	-----------	--------------	----------------	------------

**FIONTAR:** *Is aonad trasdisciplíneach é Fiontar. Déantar gnó na Scoile, idir theagasc agus thaighde, trí mheán na Gaeilge i réimsí éagsúla: gnó, bainistíocht, cumarsáid, teicneolaíocht na faisnéise agus an Ghaeilge (teanga agus sochaí).*

**Tuilleadh eolais ar an suíomh idirlín:** <http://www.dcu.ie/fiontar/>

**Oifigeach Margaíochta á lorg ag Fiontar - Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath**  
19ú Nollaig 2008

Cuireann Fiontar fáilte roimh iarratais ó dhaoine a mbeadh spéis acu sa phost mar Oifigeach Margaíochta.

Riachtanais:

- Bunchéim i ndisciplín ábhartha
- Taithí mhargaíochta nó phoiblíochta
- Sárscoilleana idirphearsanta
- Sárscoilleana bainistíochta ama, líonrú agus eagrúcháin.
- Líofacht sa Ghaeilge

Tá iarchéim inmhianta. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar agus os rud é go mbeidh roinnt taistil i gceist sa phost, caithfear tiomáint a bheith ag an té a cheapfar.

Seol litir agus cuntas beatha chuig:

Emer Ní Bhrádaigh

Fiontar

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 9

Tá breis eolais ar fáil ó Emer Ní Bhrádaigh ag 01 700 8101 nó ríomhphost a sheoladh chuig: [emer.nibhradaigh@dcu.ie](mailto:emer.nibhradaigh@dcu.ie)

Suíomh gréasáin: [www.dcu.ie/fiontar](http://www.dcu.ie/fiontar)

B'fhéidir go gcuirfidh an t-iarrthóir ceisteanna breise ort. Bain úsáid as an eolas seo lena bhfreagairt.

**Tuarastal:** Idir €2,000 agus €36,000, ag brath ar thaithí.

**Laethanta Saoire:** 8 seachtaine

**Taisteal:** Ar fud na hÉireann agus chun na hEorpa uair nó dhó sa bhliain.

**Pinsean:** 5%  
**Foireann Oibre:** Léachtóirí Fiontar agus foireann ghnó na hOllscoile.

© OÉ Má Nuad